Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 27 Eanáir 2021
(OR. en)

5696/21

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0014 (NLE)**

**WTO 16**
**COLAC 6**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 27 Eanáir 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 27 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste um Thrádáil a mhéid a bhaineann leis an leasú ar Fhoscríbhinn 1 d'Iarscríbhinn XII (Soláthar Rialtais) a ghabhann leis an gComhaontú Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus an Cholóim, Eacuadór agus Peiriú, den pháirt eile |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 27 final.

---

Faoi iamh: COM(2021) 27 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 27.1.2021
COM(2021) 27 final

2021/0014 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste um Thrádáil a mhéid a bhaineann leis an leasú ar Fhoscríbhinn 1 d'Iarscríbhinn XII (Soláthar Rialtais) a ghabhann leis an gComhaontú Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus an Cholóim, Eacuadór agus Peiriú, den pháirt eile**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCoiste um Thrádáil an Chomhaontaithe Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus an Cholóim, Eacuadór agus Peiriú, den pháirt eile ("an Comhaontú Trádála"), agus go háirithe Airteagal 191 de.

Leagtar síos in Airteagal 191 den Chomhaontú Trádála na nósanna imeachta lena bhféadfadh Páirtí a chumhdach soláthair faoi Theideal VI den Chomhaontú Trádála a mhodhnú nó a leasú.

I bhForoinn 1 ('Eintitis rialtais láir') de Roinn A d'Fhoscríbhinn 1 d'Iarscríbhinn XII (Soláthar Rialtais) a ghabhann leis an gComhaontú Trádála sonraítear eintitis rialtas láir na Colóime a gcumhdaítear a soláthar faoi Theideal VI.

Ag cruinniú den fhochoiste um Sholáthar Rialtais an 17 Deireadh Fómhair 2019 a reáchtáladh in Bogotá, chuir an Cholóim in iúl don Aontas go raibh sé ar intinn aici liosta na n-eintiteas soláthair ar an leibhéal lárnach a nuashonrú trí shé ghníomhaireacht a cruthaíodh tar éis 2011 a chur leis an liosta, ar gníomhaireachtaí iad a bhaineann leis an leibhéal feidhmiúcháin. Tráth a tugadh an chaibidlíocht don Chomhaontú Trádála idir an tAontas agus an Cholóim i gcrích in 2010, is eintitis soláthair ar leibhéal na n-airí a bhí ag feidhmiú na n-inniúlachtaí a fheidhmíonn na gníomhaireachtaí sin faoi láthair. Níl na gníomhaireachtaí sin ar liosta na n-eintiteas soláthair ar an leibhéal lárnach i gcumhdach na Colóime faoi láthair.

D'aontaigh an tAontas agus an Cholóim Foroinn 1 de Roinn A d'Fhoscríbhinn 1 d'Iarscríbhinn XII a ghabhann leis an gComhaontú Trádála a mhodhnú. Tá an tAontas agus an Cholóim d'aon tuairim nár cheart coigeartuithe cúiteacha a éileamh de bharr an nuashonraithe sin ós rud é gur mionleasú é faoi Airteagal 191(2) den Chomhaontú Trádála.

Maidir leis an gcinneadh modhnú a dhéanamh ar Fhoroinn 1 de Roinn A d'Fhoscríbhinn 1 d'Iarscríbhinn XII a ghabhann leis an gComhaontú Trádála, is féidir leis an Aontas agus leis an gColóim ('Tír Shínithe na nAindéas lena mbaineann') an cinneadh sin a ghlacadh sa Choiste um Thrádáil arna bhunú leis an gComhaontú Trádála, de bhun mhír 3 d'Airteagal 14 den Chomhaontú Trádála i gcomhar le mír 4 d'Airteagal 12 toisc go mbaineann sé go heisiach leis an gcaidreamh déthaobhach eatarthu.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Comhaontú Trádála

Is é is aidhm don Chomhaontú Trádála margaí a oscailt agus cobhsaíocht an chaidrimh trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit agus an Cholóim, Eacuadór agus Peiriú a mhéadú.

Ar príomhchuspóirí an Chomhaontaithe Trádála tá oscailt éifeachtach chómhalartach mhargaí soláthair rialtais na bPáirtithe. Tá dhá chuspóir ag Teideal VI den Chomhaontú Trádála maidir le soláthar rialtais: smachta soláthair a shocrú a bhfuil sé d'aidhm leo a áirithiú go dtabharfar conarthaí poiblí i gcrích ar dhóigh thrédhearcach éifeachtúil agus neamh-idirdhealaitheach agus go n-osclófar margaí soláthair go cómhalartach le haghaidh tairgeoirí, earraí agus seirbhísí ón bPáirtí eile. I bhfianaise an mhéid sin, maidir le rochtain fhrithpháirteach ar thairiscintí a chéile dá sainítear i gcumhdach na caibidle maidir le soláthar rialtais, rinne an tAontas agus an Cholóim sin a chaibidliú go déthaobhach. Maidir leis na rialacha nós imeachta agus substainteacha a caibidlíodh, sainítear i gcumhdach na caibidle maidir le soláthar rialtais cé na soláthair a bhfuil feidhm acu ina leith.

Tá an tAontas agus an Cholóim d'aon tuairim gur cheart liosta na n-eintiteas soláthair ar leibhéal lárnach na Colóime a nuashonrú agus na sé ghníomhaireacht sin a chur leis an liosta mar a leagtar amach sa Chinneadh seo.

Dá réir sin, chomhaontaigh an tAontas agus an Cholóim Foroinn 1 de Roinn A d'Fhoscríbhinn 1 d'Iarscríbhinn XII a ghabhann leis an gComhaontú Trádála a mhodhnú gan coigeartú cúiteach, ós rud é gur mionleasú é faoi Airteagal 191(2) den Chomhaontú Trádála.

### 2.2. An Coiste um Thrádáil

Leis an gCoiste um Thrádáil a bunaíodh faoi Airteagal 12 den Chomhaontú Trádála déantar feidhmiú an Chomhaontaithe Trádála agus cur i bhfeidhm ceart a fhorálacha a mhaoirsiú agus a éascú; déantar meastóireacht ar thoradh chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe Trádála, go háirithe forbairt an chaidrimh trádála agus eacnamaíoch idir na Páirtithe; déantar obair gach sainchomhlachta a bunaíodh faoin gComhaontú Trádála a mhaoirsiú agus moltar aon ghníomhaíocht is gá; déantar aon chinneadh maidir le haon ábhar a gcuireann na sainchomhlachtaí faoina bhráid a mheas agus a ghlacadh; agus glactar a rialacha nós imeachta féin chomh maith lena sceideal cruinnithe agus clár oibre dá chruinnithe. Is de chomhthoil a ghlacann an Coiste um Thrádáil a chinntí. Is i gceangal ar na Páirtithe atá na cinntí a ghlactar agus déanann siad na bearta uile is gá lena gcur chun feidhme. Sna cásanna dá dtagraítear i mír 4 d'Airteagal 12 den Chomhaontú Trádála, glacfaidh an tAontas agus Tír Shínithe na nAindéas lena mbaineann aon chinneadh agus ní bheidh éifeacht leis ach amháin idir na Páirtithe sin, ar choinníoll nach ndéanfaidh na cinntí sin difear do chearta agus d'oibleagáidí Tíre sínithe eile den Aindéas (Airteagal 14 mír 3).

### 2.3. An gníomh den Choiste um Thrádáil atá beartaithe

Ag an 6ú cruinniú den Fhochoiste um Sholáthar Rialtais an 17 Deireadh Fómhair 2019 a bhí ar siúl in Bogotá, chuir an Cholóim in iúl don Aontas go raibh sé ar intinn aici liosta na n-eintiteas soláthair ar an leibhéal lárnach a nuashonrú trí shé ghníomhaireacht a cruthaíodh tar éis 2011 a chur leis an liosta, ar gníomhaireachtaí iad leis an leibhéal feidhmiúcháin.

Is é is cuspóir don ghníomh atá beartaithe modhnú a dhéanamh ar Fhoroinn 1 ('Eintitis rialtais láir') de Roinn A d'Fhoscríbhinn 1 d'Iarscríbhinn XII ('Soláthar Rialtais') a ghabhann leis an gComhaontú Trádála ina sonraítear eintitis rialtas láir na Colóime a chumhdaítear faoi Theideal VI.

Leis an modhnú atá beartaithe déanfar liosta na n-eintiteas soláthair ar an leibhéal lárnach a nuashonrú trí shé ghníomhaireacht a cruthaíodh tar éis 2011 a chur leis an liosta, ar gníomhaireachtaí iad a bhaineann leis an leibhéal feidhmiúcháin.

Beidh an gníomh atá beartaithe ina cheangal ar na Páirtithe i gcomhréir le mír 2 d'Airteagal 14 den Chomhaontú Trádála, lena bhforáiltear: 'Is i gceangal ar na Páirtithe a bheidh na cinntí a ghlacfaidh an Coiste um Thrádáil agus déanfaidh siad na bearta uile is gá lena gcur chun feidhme.'

## 3. An seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais

Iarrtar ar an gComhairle an cinneadh a ghlacadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh maidir le dréachtchinneadh ó Choiste um Thrádáil an Aontais Eorpaigh-na Colóime-Pheiriú lena modhnaítear Foroinn 1 ('Eintitis rialtais láir') de Roinn A d'Fhoscríbhinn 1 d'Iarscríbhinn XII ('Soláthar Rialtais') a ghabhann leis an gComhaontú Trádála ina sonraítear eintitis rialtas láir na Colóime a chumhdaítear faoi Theideal VI.

Is i gcomhréir leis an Dréachtchinneadh ón gCoiste um Thrádáil atá i gceangal leis an gCinneadh seo a bheidh an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i ndáil leis an leasú atá beartaithe.

Is é is aidhm don leasú sin liosta na n-eintiteas soláthair ar an leibhéal lárnach a nuashonrú trí shé ghníomhaireacht a cruthaíodh tar éis 2011 a chur leis an liosta, ar gníomhaireachtaí iad a bhaineann leis an leibhéal feidhmiúcháin. Tráth a tugadh an chaibidlíocht don Chomhaontú Trádála idir an tAontas agus an Cholóim i gcrích in 2010, is eintitis soláthair ar leibhéal na n-airí a bhí ag feidhmiú na n-inniúlachtaí a fheidhmíonn na gníomhaireachtaí sin faoi láthair. Níl na gníomhaireachtaí sin ar liosta na n-eintiteas soláthair ar an leibhéal lárnach i gcumhdach na Colóime faoi láthair.

Foráiltear in Airteagal 191 ('Modhnuithe agus Ceartúcháin ar Chumhdach') den Chomhaontú Trádála go bhféadfar cumhdach Theideal VI maidir le Soláthar Rialtais a mhodhnú. De bhun mhír 4 d'Airteagal 191, tugtar de chumhacht don Choiste um Thrádáil teacht ar chomhaontú maidir le haon mhodhnú beartaithe den sórt sin do na Páirtithe chun an Iarscríbhinn ábhartha a mhodhnú, i.e. Iarscríbhinn XII ('Soláthar Rialtais') a ghabhann leis an gComhaontú Trádála.

De bhrí nach mbeidh éifeacht ag an gcinneadh ach idir an tAontas agus an Cholóim, féadfaidh an tAontas agus an Cholóim an cinneadh a ghlacadh sa Choiste um Thrádáil, toisc go mbaineann sé go heisiach leis an gcaidreamh déthaobhach atá eatarthu de bhun mír 3 d'Airteagal 14 den Chomhaontú.

Tagann an togra faoi inniúlacht eisiach an Aontais Eorpaigh. Dá bhrí sin, níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí don nós imeachta

#### *4.1.1. Na prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena leagtar síos 'na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.'

áirítear ar na *'gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo'* gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht i gceist. Áirítear freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach *'a d'fhéadfadh tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh'*[1].

#### *4.1.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht é an Coiste um Thrádáil a bunaíodh le comhaontú, mar atá, an Comhaontú Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cholóim agus Peiriú, den pháirt eile.

Gníomh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla ceangailteacha leis atá sa Chinneadh a iarrtar ar an gCoiste um Thrádáil a ghlacadh, i gcomhréir le mír 2 d'Airteagal 14 den Chomhaontú Trádála. Leis an ngníomh atá beartaithe, ní fhorlíontar ná ní leasaítear creat institiúideach an Chomhaontaithe um Thrádáil.

[1] Cás C-399/12 an Ghearmáin v an Chomhairle (OIV), ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61–64.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí nós imeachta don chinneadh atá beartaithe.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

#### *4.2.1. Na prionsabail*

Braitheann an bunús substainteach dlí maidir le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE go príomha ar chuspóir agus inneachar an ghnímh bheartaithe a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile mar aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

#### *4.2.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Maidir le cuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe, i.e. cumhdach an tsoláthair faoi Theideal VI den Chomhaontú Trádála a leathnú, tagann sé faoin gcomhbheartas tráchtála.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 207 CFAE bunús dlí substainteach don chinneadh atá beartaithe agus go háirithe mír 4 de.

### 4.3. Conclúid

Is é an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) CFAE ba cheart a bheith ina bhunús dlí le haghaidh an chinnidh atá beartaithe, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de.

## 5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Ós rud é go ndéanfar le gníomh na Comhairle leasú ar Fhoroinn 1('eintitis Rialtas láir') de Roinn a d'Fhoscríbhinn 1 d'Iarscríbhinn XII ('Soláthar Rialtais') a ghabhann leis an gComhaontú Trádála, is iomchuí é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis a ghlactha.

2021/0014 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste um Thrádáil a mhéid a bhaineann leis an leasú ar Fhoscríbhinn 1 d'Iarscríbhinn XII (Soláthar Rialtais) a ghabhann leis an gComhaontú Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus an Cholóim, Eacuadór agus Peiriú, den pháirt eile

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don Chomhaontú Trádála idir an tAontas idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cholóim, Peiriú agus Eacuadór, den pháirt eile, agus go háirithe Airteagal 191 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh 2012/735/AE ón gComhairle[2] shínigh an tAontas an Comhaontú Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cholóim agus Peiriú, den pháirt eile agus tá sé á chur i bhfeidhm go sealadach idir an tAontas agus Peiriú ón 1 Márta 2013 i leith agus idir an tAontas agus an Cholóim ón 1 Lúnasa 2013 i leith. Leasaíodh an Comhaontú Trádála le Prótacal Aontachais Eacuadór[3] a síníodh an 11 Samhain 2016 i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2016/2369 ón gComhairle[4] agus tá sé á chur i bhfeidhm go sealadach ón 1 Eanáir 2017 i leith ("an Comhaontú Trádála").

(2) De bhun Airteagal 14(3), i gcomhar le hAirteagal 12(4) den Chomhaontú Trádála, féadfar cinneadh a ghlacadh laistigh den Choiste um Thrádáil arna bhunú leis an gComhaontú Trádála idir an tAontas agus an Cholóim i gcás ina mbaineann sé go heisiach leis an gcaidreamh déthaobhach eatarthu.

(3) Glacfaidh an Coiste um Thrádáil an cinneadh chun leasú a dhéanamh ar Fhoroinn 1 de Roinn A d'Fhoscríbhinn 1 d'Iarscríbhinn XII a ghabhann leis an gComhaontú trí shé ghníomhaireacht a chur le liosta na n-eintiteas soláthair ar an leibhéal lárnach i gcás na Colóime.

---

2 Cinneadh 2012/735/AE ón gComhairle an 31 Bealtaine 2012 maidir leis an gComhaontú Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus an Cholóim agus Peiriú, den pháirt eile, a shíniú thar ceann an Aontais agus a chur i bhfeidhm go sealadach (IO L 354, 21.12.2012, lch. 1).

3 Prótacal Aontachais ar an gComhaontú Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cholóim agus Peiriú, den pháirt eile, chun Aontachas Eacuadór a chur san áireamh (IO L 356, 24,12,2016, lch. 3).

4 Cinneadh (AE) 2016/2369 ón gComhairle an 11 Samhain 2016 maidir leis an bPrótacal Aontachais ar an gComhaontú Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cholóim agus Peiriú, den pháirt eile, chun Aontachas Eacuadór a chur san áireamh, a shíniú thar ceann an Aontais agus a chur i bhfeidhm go sealadach (IO L 356, 24.12.2016, lch. 1).

(4) Is iomchuí go leagfaí síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste um Thrádáil, ós ceangal ar an Aontas a bheidh sa chinneadh chun leasú a dhéanamh ar Fhoroinn 1 de Roinn A d'Fhoscríbhinn 1 d'Iarscríbhinn XII a ghabhann leis an gComhaontú Trádála, i gcomhréir le hAirteagal 14(2) den Chomhaontú Trádála.

(5) Leagtar síos in Airteagal 191 den Chomhaontú Trádála na nósanna imeachta lena bhféadfadh Páirtí a chumhdach soláthair faoi Theideal VI den Chomhaontú Trádála a mhodhnú nó a leasú.

(6) I bhForoinn 1 maidir le heintitis rialtais láir i Roinn A d'Fhoscríbhinn 1 d'Iarscríbhinn XII, i dtaca le Soláthar Rialtais, a ghabhann leis an gComhaontú Trádála sonraítear eintitis rialtas láir na Colóime a gcumhdaítear a soláthar faoi Theideal VI.

(7) Ag cruinniú den fhochoiste um Sholáthar Rialtais an 17 Deireadh Fómhair 2019 a reáchtáladh in Bogotá, chuir an Cholóim in iúl don Aontas go raibh sé ar intinn aici liosta na n-eintiteas soláthair ar an leibhéal lárnach a nuashonrú trí shé ghníomhaireacht a cruthaíodh tar éis 2011 a chur leis an liosta, ar gníomhaireachtaí iad a bhaineann leis an leibhéal feidhmiúcháin. Tráth a tugadh an chaibidlíocht don Chomhaontú Trádála idir an tAontas agus an Cholóim i gcrích in 2010, is eintitis soláthair ar leibhéal na n-airí a bhí ag feidhmiú na n-inniúlachtaí a fheidhmíonn na gníomhaireachtaí sin faoi láthair. Níl na gníomhaireachtaí sin ar liosta na n-eintiteas soláthair ar an leibhéal lárnach i gcumhdach na Colóime faoi láthair.

(8) Tá an tAontas agus an Cholóim d'aon tuairim gur cheart liosta na n-eintiteas soláthair ar leibhéal lárnach na Colóime a nuashonrú agus na sé ghníomhaireacht sin a chur leis an liosta.

(9) Dá bhí sin is gá Foroinn 1 de Roinn A d'Fhoscríbhinn 1 d'Iarscríbhinn XII a ghabhann leis an gComhaontú Trádála a leasú. Tá an tAontas agus an Cholóim d'aon tuairim nár cheart coigeartuithe cúiteacha a éileamh de bharr an nuashonraithe sin ós rud é gur mionleasú é faoi Airteagal 191(2) den Chomhaontú Trádála,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Beidh an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste um Thrádáil bunaithe ar Dhréachtchinneadh an Choiste um Thrádáil maidir le leasú ar Fhoscríbhinn 1 d'Iarscríbhinn XII a ghabhann leis an gComhaontú Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cholóim, Eacuadór agus Peiriú den pháirt eile, atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tar éis a ghlactha, foilseofar cinneadh an Choiste um Thrádáil in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*